Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7515/22**

**FIN 357**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2022 |
| chuig: | Bruno LE MAIRE, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 08/2022.

Faoi iamh: DEC 08/2022

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 23/03/2022

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2022
ROINN III - TEIDEAL AN CHOIMISIÚIN: 06

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 08/2022**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS:

**CAIBIDIL –** 0604 Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL – 06 04 01 Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) -- Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta | Neamhdhifreáilte | -70 000 000,00 |

## GO dTÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

**CAIBIDIL -** 0605 An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU)

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 06 05 01 An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU) | Gealltanais | 70 000 000,00 |
| | Íocaíochtaí | 50 000 000,00 |

**CAIBIDIL -** 0607 Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 06 07 01 Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas | Íocaíochtaí | 20 000 000,00 |

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**06 04 01 - Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) -- Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta**

### b) Figiúirí an 17/3/2022

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 140 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 140 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **140 000 000,00** |
| **6 An laghdú atá molta** | **70 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **70 000 000,00** |
| 8 An laghdú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 50,00 % |
| 9 An laghdú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Neamhdhifreáilte |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 17/3/2022 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

Tá EUR 140 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar fáil in 2022 faoi líne úis EURI. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a réamh-mheastacháin, molann an Coimisiún leithreasuithe 2022 a laghdú de EUR 70 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Cinntear na costais a leithdháiltear ar bhuiséad an Aontais ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún lena mbunaítear an mhodheolaíocht chun costais a leithdháileadh a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoi NextGenerationEU. Áirítear i measc na gcostas arna n-íoc le buiséad an Aontais 2022 costas cistithe na n-eisíocaíochtaí a rinneadh le buiséad an Aontais le linn 2021 agus na costais bainistithe leachtachta in 2021. I láthair na huaire, is féidir leis an gCoimisiún an costas cistithe agus an costas bainistithe leachtachta a mheas le níos mó cinnteachta, ar costais iad a ghearrfar ar bhuiséad an Aontais le linn 2022. Dá bhrí sin, maidir leis an EUR 70 milliún de leithreasuithe a bheidh fós ar fáil ar an líne tar éis an aistrithe, meastar gur leor iad chun na costais a chumhdach agus chun aon athrú beag a d’fhéadfadh a bheith ann go dtí deireadh na bliana a ionsú.

I gcomhréir leis an ráiteas aontaobhach ón gCoimisiún maidir le stuamacht bhuiséadach a mhéid a bhaineann le líne úis EURI (Idir-réiteach Bhuiséad 2022), molfaidh an Coimisiún suim a chomhfhreagraíonn don laghdú atá ann faoi láthair don líne EURI a shlógadh sna blianta 2024-2027, ar suim é a chuirfear ar fáil faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**06 05 01 - Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU)**

### b) Figiúirí an 17/3/2022

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 101 254 030,00 | 100 547 220,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 101 254 030,00 | 100 547 220,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 29 274 233,50 | 21 160 075,05 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **71 979 796,50** | **79 387 144,95** |
| **6 An méadú a iarradh** | **70 000 000,00** | **50 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **141 979 796,50** | **129 387 144,95** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 69,13 % | 49,73 % |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 1 255 286,47 | 79 129,48 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 17/3/2022 | 1 255 286,47 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 0,00 % | 100,00 % |

### d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

I bhfianaise ghéarú ionradh na Rúise ar an Úcráin, gníomhaíodh Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) ar bhonn na n-iarrataí ar chúnamh ó Bhallstáit túslíne an Aontais, agus ón Úcráin agus ón Moldóiv, chun cúnamh láithreach a chomhordú agus a thabhairt do dhídeanaithe agus d'oibríochtaí iompair earraí agus trealaimh a chuireann na Ballstáit ar fáil don Úcráin. Méid an chúnaimh a bhfuil géarghá leis a tugadh agus a cuireadh ar fáil faoi UCPM le linn na chéad seachtainí den ghéarchéim, tá sé gan fasach.

Mar sin féin, tá an ghéarchéim dhaonnúil ag dul in olcas go mór, rud a iarrann gníomhaíochtaí breise chun iarmhairtí níos tromchúisí a chosc. Téann méid na riachtanas thar na hacmhainní atá ar fáil faoi UCPM agus meastar go bhfuil EUR 105 mhilliún i gceist ag an bpointe seo. Déanfar EUR 35 mhilliún a ath-imlonnú laistigh de UCPM. Dá bhrí sin, leis an aistriú seo moltar an líne a threisiú le EUR 70 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 50 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, rud a fhágfaidh gur féidir leanúint d'oibríochtaí cúnaimh a mhaoiniú i ndáil le géarchéim na hÚcráine sna míonna atá le teacht.

Leis an treisiú atá molta, maoineofar na gníomhaíochtaí freagartha seo a leanas:

1. Bunú agus oibriú mhoil lasta UCPM sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic. Leis an ngníomhaíocht sin, cumhdófar stórasú, cothabháil agus athsholáthar na cabhrach comhchineáil, an bhreosla agus na dtáirgí cógaisíochta, le suíomhanna lóistíochta sna trí thír sin, lena n-áirítear an costas ar phearsanra maidir le comhthiomsú an chúnaimh ó na Ballstáit agus na gcostas iompair áitiúil ón mol go dtí an Úcráin;
2. Oibríochtaí iompair chun cabhair chomhchineáil a chur ar fáil ó na Ballstáit don Úcráin, do thíortha comharsanachta a ndéantar difear dóibh (an Mholdóiv, an Pholainn agus an tSlóvaic) agus do mhoil lóistíochta UCPM;
3. Medevac - aslonnú leighis lín mheasta 1 000 othar Úcránach chuig na Ballstáit sin a dheimhnigh go bhfuil sé d'acmhainneacht acu iad a óstáil;
4. Foirne leighis éigeandála a chur ar fáil (EMT chineál 1 agus 2). Tá sé EMT ar fáil faoi láthair atá cláraithe sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta.

Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an staid san Úcráin agus ar aon athrú a thiocfaidh ar na riachtanais i dtaca le cúnamh. Má leanann an staid de dhul in olcas agus má leanann sé ar feadh tréimhse fhada, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le treisiú buiséadach eile go luath amach anseo.

## II.2
## a) Ceannteideal

**06 07 01 - Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas**

## b) Figiúirí an 17/3/2022

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 8 100 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 8 100 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 4 544 043,32 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **3 555 956,68** |
| **6 An méadú a iarradh** | **20 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **23 555 956,68** |
| 8 An méadú ina chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 246,91 % |
| 9 An méadú, ina chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, i suim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 22 719 885,85 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 17/3/2022 | 22 548 739,72 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 0,75 % |

## d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

Ní fada go mbeidh na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil ar an líne sin ídithe. Úsáidfear an treisiú EUR 20 milliún chun bearta a chumhdach a tosaíodh in 2021 agus nár íocadh go fóill, amhail, gníomhaíochtaí a bhaineann le deimhnithe digiteacha COVID.

Níos déanaí sa bhliain (ag brath ar dháta dlite na híocaíochta), beidh gá le treisiú breise chun an ranníocaíocht le dáileoga vacsaíne i dtríú tíortha a chumhdach. Déanfar na leithreasuithe breise a chomhthiomsú trí bhíthin aistrithe uathrialacha agus/nó aistrithe ag an údarás buiséid.